Conradh na Gaeilge

# Aighneacht

## Comhairliúchán Poiblí ar an gcéad Chreat Beartais eile de chuid an Rialtais maidir le Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga sa Chinnteoireacht

Eanáir 2023

## INTREOIR

Cuireann Conradh na Gaeilge fáilte roimh an deis seo aighneacht a chur isteach maidir le Comhairliúchán Poiblí ar an gcéad Chreat Beartais eile de chuid an Rialtais maidir le Rannphháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga sa Chinnteoireacht.

Is é Conradh na Gaeilge fóram daonlathach phobal na Gaeilge agus saothraíonn an eagraíocht ar son na teanga ar fud na hÉireann agus timpeall na cruinne. Is í príomhaidhm na heagraíochta ná an Ghaeilge a athréimniú mar ghnáth-theanga na hÉireann. Ó bunaíodh é ar 31 Iúil 1893 tá baill an Chonartha gníomhach ag cur chun cinn na Gaeilge i ngach gné de shaol na tíre, ó chúrsaí dlí agus oideachais go forbairt meán cumarsáide agus seirbhísí Gaeilge.

Tá Conradh na Gaeilge roghnaithe ag Foras na Gaeilge, an foras uile oileánda ag feidhmiú ar son an dá Rialtas thuaidh agus theas leis an nGaeilge a chur chun cinn, mar cheann de na sé cheanneagraíocht atá maoinithe acu leis an nGaeilge a fhorbairt ar oileán na hÉireann. Go príomha, tá Conradh na Gaeilge roghnaithe le tabhairt faoi chosaint teanga, ionadaíocht agus ardú feasachta ar an Ghaeilge.

Tá 180 craobh agus iomaí ball aonair ag Conradh na Gaeilge, agus bíonn baill uile an Chonartha ag saothrú go dian díograiseach chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn ina gceantair féin. Tá breis eolais faoi obair an Chonartha le fáil ag www.cnag.ie.

## CREAT RANNPHÁIRTÍOCHTA - CREAT NÁISIÚNTA MAIDIR LE RANNPHÁIRTÍOCHT LEANAÍ AGUS DAOINE ÓGA I GCINNTEOIREACHT

Deir an cháipéis *Creat Rannpháirtíochta - Creat Náisiúnta maidir le Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht* a d'fhoilsigh An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige go '[n-]admhaíonn rannpháirtíocht leanaí i gcinnteoireacht a stádas mar shealbhóirí cirt.' (lth. 6)

Aithníonn an Creat Rannpháirtíochta go bhfuil grúpaí leanaí agus daoine óga ann 'a mbíonn deacrachtaí ag eagraíochtaí iad a áireamh i gcinnteoireacht,' agus 'nach gcloistear go minic' iad. (lth.10) I measc na mbacainní ar rannpháirtíocht na ngrúpaí seo i gcinnteoireacht a chinntiú, tá '**bacainní teanga**, bacainní rochtana (lena n-áirítear rochtain dhigiteach), bacainní cumarsáide agus bacainní cultúrtha.'' (lth.10) Admhaíonn an Creat Rannpháirtíochta gur gá 'céimeanna a chur i gcrích chun na bacainní ar a rannpháirtíocht i gcinnteoireacht a bhaint. Ba cheart tacaíocht chuí a chur ar fáil dóibh siúd a dteastaíonn a leithéid uathu.' (lth. 10)

Is mionlaigh iad cainteoirí laethúla Gaeilge – 73,803 dhuine a labhraíonn Gaeilge gach lá, de réir an Daonáirimh 2016. Ba cheart gníomhartha agus tacaíochtaí a chur i bhfeidhm le cinntiú nach bhfuil bacainní teanga ar cheann de na bacainní ar rannpháirtíocht do leanaí agus daoine óga a bhfuil an Ghaeilge mar phríomh-theanga acu, nó a roghnaíonn an Ghaeilge a labhairt.

## COINBHINSIÚN NA NÁISIÚN AONTAITHE UM CHEARTA AN LINBH

Tá tábhacht nach beag ag Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh an Linbh don pholasaí seo, go háirithe Airteagal 12. Ní féidir Airteagal 12 a léamh i bhfolús, áfach, agus is gá aird a thabhairt ar Airteagal 2 chomh maith le tábhacht stádas na Gaeilge a chur san áireamh:

> 'Tabharfaidh Stát-Pháirtithe aird ar agus cinnteoidh siad na cearta atá curtha síos sa Choinbhinsiún seo do gach leanbh atá faoina ndlínse gan leatrom d'aon chineál a dhéanamh maidir le cine, dath, gnéas, **teanga**, creideamh, tuairim pholaitíochta nó tuairim eile, bunadh náisiúnta, eitneach nó sóisialach, maoin, míchumas, breith nó stádas eile an linbh nó a thuismitheoirí nó a chaomhnóra dhleathaigh.'

Is gá go mbeadh teacht ag leanaí agus daoine óga ar deiseanna rannpháirtíochta agus cinnteoireachta trí mheán na Gaeilge.

## AN STAID REATHA

**Teanga Bhaile**

Cé go bhfuil na ceantair Ghaeltachta in ainm is a bheith ar na ceantair Ghaeilge is láidre sa tír, tá laghdú ag teacht ar líon na leanaí atá á dtógaint trí Ghaeilge laistigh sa Ghaeltacht. De réir anailís Thuismitheoirí na Gaeltachta ar fhigiúirí Dhaonáireamh 2016, níl ach 23% de na teaghlaigh sa Ghaeltacht ag tógaint a bpáistí trí Ghaeilge. Lasmuigh den Ghaeltacht, léiríonn taighde Ghlór na nGael nach bhfuil ach 16,000 páiste á dtógaint trí Ghaeilge. Tá an teanga go mór faoi bhrú ag an mBéarla laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht, agus cuireann easpa seirbhísí agus acmhainní trí Ghaeilge leis an ngéarchéim seo.

**Seirbhísí agus Acmhainní**
Lasmuigh den Ghaeltacht, níl ach 7% de dhaltaí ag fáil a gcuid oideachas bunscoile trí Ghaeilge (An Roinn Oideachais, *Léargas ar Sholáthar don Oideachas Lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht*, lth. 16) agus 6.3% de dhaltaí ag fáil a gcuid oideachas iar-bhunscoile trí Ghaeilge (An Roinn Oideachais, lth. 23). Tá easpa soláthair scoileanna lán-Ghaeilge, go háirithe iar-bhunscoileanna – a fhágann go mbíonn ar dhaltaí a fuair oideachas bunscoile lán-Ghaeilge agus a dteastaíonn uathu leanúint ar aghaidh leis an nGaeloideachas dul go hiar-bhunscoil Bhéarla.  Tá an t-éileamh ann do bhreis scoileanna lán-Ghaeilge, a léiríonn na feachtais éagsúla chun Gaelcholáiste a bhunú do cheantar Baile Átha Cliath 2,4,6,8 agus Gaelcholáiste i gCaisleán an Bharraigh.

Beidh an chéad stáisiún teilifíse lán-Ghaeilge do leanaí, Cúla4, ag teacht ar an bhfód go luath. Faraor, ar phríomh-stáisiún na hÉireann, RTÉ, ní bhíonn ach céatadán íseal de chláracha as Gaeilge á gcraoladh ar RTÉjr – 35 uair a chloig as Gaeilge a craoladh sa bhliain i 2014 (Scéim Teanga do RTÉ 2015-2018, lth. 8) Is gá go mbeadh teacht ag leanaí ar acmhainní siamsaíochta agus oideachais trí Ghaeilge.

Leagann *Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021* sprioc amach go mbeidh 20% d'earcaithe i gcomhlachtaí poiblí inniúil ar an nGaeilge faoi dheireadh 2030. Faoi láthair, tá easpa seirbhísí stáit ar fáil as Gaeilge. Is gá go mbeadh seirbhísí de gach cineál ina mbíonn ar leanaí páirt a ghlacadh agus cinneadh a ghlacadh a bheith ar fáil as Gaeilge – seirbhísí sláinte ina measc.

## DLÍNSÍ EILE – STONECHILD V. CANADA

Tá caingean aicmeach *Stonechild v. Canada* dearbhaithe le déanaí sa Chúirt Fheidearálach i gCeanada. Pléann an cás leis an bhfreagracht atá ar an Stát cosaint a thabhairt do leanaí Bundúchasacha a gabhadh, agus teip an Stáit i leith na freagrachta sin – go háirithe, a gcearta teanga agus cailiúint a n-oidhreachta. Cuireadh na leanaí, a bhí faoi chúram an Stáit, i dtithe neamh-Bhundúchasa faoi chúram daoine nach raibh aon bhaint acu le cultúr, teanga, agus oidhreacht na leanaí. Sáraíodh cearta teanga na ndaoine óga, agus a ndeiseanna cinnteoireachta.

## MOLTAÍ

- Go mbeadh deis ag daoine óga páirt a ghlacadh i gcinntí a bhaineann lena saol féin ina dteanga dhúchais nó sa teanga a roghnaíonn siad
- Má tharlaíonn sé go bhfuil ar an leanbh a bheith ag idirghníomhú leis an gcóras dlí, gur féidir leo amhlaidh a dhéanamh trí Ghaeilge – an reachtaíocht/na cáipéisí dlí ar fáil i nGaeilge dóibh, breitheamh le Gaeilge, srl.
- Go mbeadh seirbhísí ina bpobail ar fáil dóibh i nGaeilge – sa chóras oideachais, sa chóras sláinte, srl.

## CONCLÚID

Le cloí le hAirteagal 2 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, is gá cearta teanga na ndaoine óga a chur san áireamh agus an polasaí seo á dhréachtadh le cinntiú nach bhfuil idirdhealú teanga á dhéanamh ar pháistí, agus bacainní rannpháirtíochta curtha os a gcomhair mar thoradh ar an idirdhealú sin.

Tá Conradh na Gaeilge ar fáil má tá aon cheist faoin aighneacht seo.